GX1082

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

DÁMHA NA NDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

SCOIL NA GAEILGE

SCRÚDUITHE NA BLIANA 2002-3

SEIMEASTAR 1

AN TRÍÚ BLIAIN AGUS AN CEATHRÚ BLIAIN

GAEILGE

AN CHÉAD PHÁIPÉAR

Alan Titley
Mícheál Mac Craith
Nollaig Mac Congáil
Gearóid Denvir

Trí huaire an chloig a cheadófar
Ceist amháin le freagairt as gach roinn.
Freagarleabhar ar leith do gach ceist.

Roinn A: NG 351 : Aiste (ECTS 5.0)

1. Scríobh aiste (**gan dul thar 3 lch**) ar ábhar amháin acu seo a leanas:

(a) Bagairt na sceimhlitheoireachta ar fud na cruinne

(b) Coireanna gnéis i measc chléirigh na hEaglaise ar fud na cruinne

(c) Íocaíocht airgid i gcluichí náisiúnta agus idirnáisiúnta

(d) Úsáid na Gaeilge i saol poiblí agus ar mheáin chumarsáide na tíre

(e) An tsíocháin sna Sé Chontae anois agus feasta

ROINN B: NG 353 Litríocht an 20ú haois (ECTS 2.5)

Dírbheathaisnéis

2. Tá stair fhada chasta ag baint le *An tOileánach*. Cuir síos go mion ar an stair sin agus ar na cúinsí éagsúla ba chúis le haird agus cáil a tharraingt ar an leabhar.

NÓ

Comparáid idir saol na samhlaíochta agus an réalachais, idir saol na Gaeltachta agus na Galltachta, is ábhar do *Mo Bhealach Féin* le Seosamh Mac Grianna. Pléigh.

NÓ

Áiféis, áibhéil agus amaidí Ghluaiseacht na hAthbheochana is ábhar do *An Béal Bocht* le Myles na gCopaleen. Pléigh.

ROINN C: NG 353 Litríocht an 20ú hAois

Nuafhilíocht

3. 'Iarracht le "Mandala" pearsanta a aimsiú atá san fhilíocht, más fíor don dán den teideal sin le Nuala Ní Dhomhnaill.' Pléigh an tuairim sin maidir le saothar **beirte** ar a laghad de na filí a ndearna tú staidéar orthu ar an gcúrsa seo agus cuir béim i do fhreagra ar chomórtas agus codarsnacht a dhéanamh idir saothar na beirte.

NÓ

'Téama bunúsach i saothar filí mar Liam Ó Muirthile agus Nuala Ní Dhomhnaill an dáimh a airíonn siad le háiteanna éagsúla a roinneann suntas speisialta leo.' Pléigh an ráiteas sin agus déan comórtas agus codarsnacht idir a saothar araon.

NÓ

Téir faobhar na faille siar tráthnóna gréine go Corca Dhuibhne,
Is chífir thiar ag bun na spéire ag ráthaíocht ann
An Uimhir Dhé, is an Modh Foshuiteach
Is an tuiseal gairmeach ar bhéalaibh daoine:
Sin é do dhoras
Dún Chaoin fé sholas an tráthnóna
Buail is osclófar
D'intinn féin is do chló ceart.

Sin í an chomhairle a thug Seán Ó Ríordáin don athghlúin ina dhán 'Fill Arís'. Ar ghlac mórán lena chomhairle? Tagair i do fhreagra do shaothar **beirte** ar a laghad de na filí a ndearna tú staidéar orthu ar an gcúrsa seo agus cuir béim i do fhreagra ar chomórtas agus codarsnacht a dhéanamh idir saothar na bhfilí a roghnaíonn tú.